DON SCRÚDAITHEOIR

**SCRÚDUIMHIR** ☞ [ ]

**Iomlán na Marcanna** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**

---

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| **Nóta**: ☞<br>Is den riachtanas é go bhfreagródh an marc ag **1** thuas don **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| IOMLÁN ☞ | | |
| CT → | | |
| MÓRIOMLÁN → | | |
| GRÁD → | | |



THALL ⟶

## ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT **(110 marc)**

**FREAGAIR GACH CEIST.**
[**N.B.** Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

1 **Dioscó Anocht**
Halla na Scoile
8 p.m. – 11 p.m.

2 **Ionad Tógála**
Tabhair aire!
Caith clogad

3 **Garáiste Uí Néill**
Meicneoirí ag teastáil

4 **Siopa Spóirt**
Gach rud 10% níos saoire

5 **Sparán Caillte**
San ionad siopadóireachta
Fón 086-34860205

6 **Taispeántas Ealaíne**
Gailearaí Náisiúnta
na hÉireann, Iúil 3 - 6


7 **Comórtas Peile Faoi Dhíon**
Fáilte roimh gach duine


8 **Bóithre Dainséaracha**
Tiomáin go mall

9 **Féile Cheoil**
Dún Laoghaire
Lúnasa 11 - 13

10 **Stáisiún Heuston**
Traenacha speisialta go
Corcaigh
10 a.m. agus 11.30 a.m.

























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



*Cathair Bhaile Átha Cliath*

# Páirc an Fhionnuisce




## Bain úsáid as áiseanna na páirce seo

- Tabhair cuairt ar **Ghairdín na nAinmhithe**
- Féach ar na **fianna fiáine** mórthimpeall na páirce
- Taispeántas den scoth ar stair agus ar fhiabheatha na páirce le feiceáil in **Ionad Chuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce**
- **Áras an Uachtaráin** ar oscailt don phobal **gach Satharn** (Saorchead isteach – ticéid ar fáil ar an lá in Ionad na gCuairteoirí)
- Tá **siúlóidí breátha** sa pháirc
- **Páirceanna imeartha** do gach saghas spóirt

## Bíodh picnic agat – Tóg sos:

sa ghairdín álainn poiblí
*nó*
sa pháirc bhreá fhairsing féin

(i) Ainmnigh rud **amháin** is féidir leat a dhéanamh má thaitníonn ainmhithe leat.

______________________________________________

(ii) Cathain is féidir cuairt a thabhairt ar Áras an Uachtaráin?

______________________________________________

(iii) Conas is féidir leat sos a thógáil?

______________________________________________

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

# CÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

*Tabhair an bóthar ort féin le CIÉ!*

Ná cuir strus ort féin.

Lig do CIÉ an obair chrua a dhéanamh duit.

Is breá linn cabhrú leat.

Féach ar na seirbhísí taistil atá ar fáil.

## I mBaile Átha Cliath

**Taistil ar an Dart agus ar na busanna agus**

- Sábhálfaidh tú am ort féin
- Bainfidh tú do cheann scríbe amach in am
- Ní bheidh tú buartha faoi spás páirceála

## Timpeall na tíre

**Taistil ar thraenacha agus ar bhusanna compordacha agus beidh tú ábalta**

- suí siar ar do shuaimhneas
- leabhar nó nuachtán a léamh
- do chuid ghnó a dhéanamh

**GO N-ÉIRÍ DO THURAS LEAT!**

(i) Cé a dhéanfaidh an obair chrua duit?

______________________________

(ii) Scríobh síos cúis **amháin** ar cheart duit taisteal ar an Dart agus ar na busanna i mBaile Átha Cliath.

______________________________


(iii) Luaigh rud a**mháin** is féidir leat a dhéanamh ar na traenacha nó ar na busanna a bhíonn ag taisteal timpeall na tíre.

______________________________

(c) Léigh an **dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

## MADRA AR STRAE

Lá amháin tar éis an tae
Chuaigh madra Sheáin ar strae.
Ní fhaca éinne é ag dul
Is thosaigh Seáinín bocht ag gol.
Chuardaigh sé an teach faoi dhó,
An scioból agus cró na mbó,
An t-úllord is an garraí dubh,
An áit a mbíonn leitís go tiubh.
Rith sé síos páircín le fána,
Ag glaoch ar ais ar a mhadra dána.
Ach mo léan, ní raibh an madra ann,
An coileán dubh le spota donn.
Faoi dheireadh, tar éis uair amháin
Ba í Mam a chonaic an coileán.
'Féach, a Sheáin,' ar sí de gháir,
'Tá Spota ina shuan faoin gcarr.'



**Dáithí Ó Diollúin**

**(i)** Cén fáth a raibh Seáinín ag gol?

______________________________________________________________________

**(ii)** Ainmnigh áit **amháin** a chuardaigh sé.

______________________________________________________________________

**(iii)** Cá bhfaca Mam an madra?

______________________________________________________________________

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)

(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Tom Crean – Laoch Antartaice

**1**. Ba as Abhainn an Scáil i gContae Chiarraí don taiscéalaí, Tom Crean. Ar 1 Samhain 1911 bhí sé in Antartaice mar bhall den chriú a bhí ag an gCaptaen Scott. Thug siad aghaidh ar an Mol Theas. Rinne Scott agus a chuid fear dul chun cinn sásúil go dtí gur athraigh an aimsir go tubaisteach. Ar 1 Eanáir 1912 agus iad 150 míle ón Mol Theas d'ordaigh Scott do Tom Crean, Teddy Evans agus Bill Lashly dul ar ais go dtí an campa ag Hut Point – siúlóid 750 míle trasna an tsneachta agus an leac oighir!

**2.** Ar an mbealach d'éirigh Evans an-tinn. Nuair a bhí siad 100 míle ón gcampa ní raibh sé in ann dul ar aghaidh. Dúirt Evans leo é a fhágáil ansin agus iad féin a shábháil. Ní raibh mórán bia fágtha acu agus bhí tuirse agus ocras orthu. Ach tharraing Crean agus Lashly é ar an gcarr sleamhnáin.

**3**. Nuair a bhí siad 35 míle ó Hut Point ní raibh Bill Lashly ábalta a chara Teddy Evans a tharraingt níos faide. Cé go raibh Tom Crean tar éis siúl ar feadh trí mhí go leith agus an carr sleamhnáin a tharraingt timpeall 1500 míle dúirt sé go siúlfadh sé an 35 míle. Chuir siad Evans sa phuball agus d'fhan Lashly leis chun aire a thabhairt dó.



**Dealbh i gcuimhne ar an taiscéalaí, Tom Crean**

**4.** Bhí dhá bharra seacláide agus trí bhriosca ag Crean ach ní raibh aon mhála codlata ná puball aige. Tar éis ocht n-uaire déag an chloig bhain sé Hut Point amach. Thit sé ar urlár an bhotháin ann le hocras agus le tuirse.

**5.** Sábháladh Evans agus Lashly agus bronnadh Bonn Albert ar Tom Crean agus ar Bill Lashly – an gradam crógachta ab airde ag an am.

(i) Cá raibh Tom Crean ar 1 Samhain 1911? (**Alt 1**)

______________________________

(ii) Cén fáth nach raibh Evans ábalta dul ar aghaidh nuair a bhí siad 100 míle ón gcampa? (**Alt 2**)

______________________________

(iii) Cé mhéad míle a tharraing Tom Crean an carr sleamhnáin? (**Alt 3**)

______________________________

(iv) Cén bia a bhí ag Tom Crean agus é ag siúl chuig Hut Point? (**Alt 4**)

______________________________

(v) Cén gradam crógachta a bronnadh ar Tom Crean? (**Alt 5**)

______________________________

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

## KIRSTEN DUNST – RÉALTA SCANNÁN

**1.** Rugadh Kirsten Caroline Dunst ar 30 Aibreán 1982 in Point Pleasant, New Jersey sna Stáit Aontaithe. An leasainm atá uirthi ná **Kiki** mar nuair a bhí sí óg ní raibh sí ábalta a hainm féin a rá i gceart. Tá deartháir amháin aici. Christian is ainm dó agus tá sé ceithre bliana níos óige ná í.

**2**. Thosaigh sí ag obair mar aisteoir i bhfógraí teilifíse nuair a bhí sí trí bliana d'aois. Rinne sí seachtó fógra ar fad. An chéad scannán ar ghlac sí páirt ann ná *New York Stories* i 1989.

**3.** I 1993 fuair sí an seans a bhí uaithi nuair a roghnaigh Neil Jordan í do pháirt *Claudia* sa scannán *Interview with the Vampire: The Vampire Chronicles.* De bharr an taispeántais a thug sí sa scannán seo bhuaigh sí an gradam *Saturn* don *Aisteoir Óg is Fearr* agus ainmníodh í don ghradam *Golden Globe* chomh maith.



**4.** Tá aithne ag a lán daoine ar Kirsten mar *Mary Jane Watson* sna scannáin *Spider-Man*. Ghlac sí páirt sna trí cinn go dtí seo agus is iad na scannáin sin a rinne réalta scannán idirnáisiúnta di.

**5.** Taispeánadh an scannán *Spider-Man 1* den chéad uair sa bhliain 2002. Thuill sé $110 milliún an chéad deireadh seachtaine a bhí sé ar taispeáint. Níor tharla sin d'aon scannán eile roimhe sin.

(i) Cén fáth a bhfuil an leasainm **Kiki** ar Kirsten? (**Alt 1**)

______________________________________________

(ii) Cén aois a bhí sí nuair a thosaigh sí ag obair mar aisteoir? (**Alt 2**)

______________________________________________

(iii) Cén pháirt a fuair sí sa scannán *Interview with the Vampire: The Vampire Chronicles*? (**Alt 3**)

______________________________________________

(iv) Cén fáth a bhfuil aithne ag a lán daoine ar Kirsten? (**Alt 4**)

______________________________________________

(v) Cathain a taispeánadh an scannán *Spider-Man 1* den chéad uair? (**Alt 5**)

______________________________________________

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(110 marc)**


**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (25 mharc)

(a) Tá tú ar saoire ar fheirm d'uncail. Scríobh **cárta poist** chuig do thuismitheoirí.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an aimsir
- rud **amháin** faoin bhfeirm
- turas suimiúil a rinne tú le d'uncail
- bronntanas a cheannaigh tú dó
- cathain a fhillfidh tú abhaile




**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

**Cárta Poist**



*NÓ*

(b)




Is tusa Máire sna pictiúir thuas. Cheannaigh tú rothar nua. Ba mhaith leat dul ag rothaíocht le do chara Nóra. Téann tú chuig teach Nóra ar an rothar nua ach níl sí sa bhaile.

Fágann tú nóta do Nóra ag rá:

- cathain a fuair tú an rothar
- cén dath atá air
- cén t-am ba mhaith leat dul ag rothaíocht
- cá rachaidh sibh
- cén t-am a fhillfidh sibh abhaile

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

**NÓTA**

**CEIST 2** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.]**

(a) Tá do dheartháir ag obair i dtír éigin eile le cúpla bliain anuas.

Scríobh litir chuig do dheartháir. Sa litir luaigh na pointí seo:

- comharsa nua sa teach in aice leat
- cúpla rud faoi do scoil
- post samhraidh atá agat
- cá bhfuil tú ag dul ar saoire

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11.**

*NÓ*

(b)

**Cluichí, Ceol, Ealaín, Scéalta, Scannáin, Picnicí, Aíonna Speisialta, Spórt, Greann**



**CAMPA SAMHRAIDH**

**do**

**Pháistí 7 – 10 mbliana**



**Cluichí, Ceol, Ealaín, Scéalta, Scannáin, Picnicí, Aíonna Speisialta, Spórt, Greann**

Tá tú ag obair i gcampa samhraidh do pháistí óga. Scríobh litir chuig d'aintín.

Sa litir luaigh na pointí seo:

- cúpla rud a bhíonn le déanamh agat gach lá
- na páistí atá ar an gcúrsa
- cad a dhéanann tú nuair nach mbíonn tú ag obair
- rud amháin faoin obair a thaitníonn (*nó* nach dtaitníonn) leat

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11.**

Ceist 2 (a) *nó* (b)

**Litir**

**Seoladh:**

**Dáta:**

**Beannú:**

**Críoch:**



**THALL →**

**CEIST 3** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (45 mharc)


(a) **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) Mo scoil
(ii) Rud éigin a chuir fearg orm
(iii) An lá a bhris mé fuinneog i mo theach
(iv) Éadaí nua a cheannaigh mé

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

*NÓ*

(b)




Is iad Niamh agus Liam na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Niamh ina dialann (nó ag Liam ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne *nó* mar sin i do fhreagra.]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

Ceist 3(a) *nó* (b)

**Alt**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**